Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Feabhra 2022
(OR. en)

5592/22

CO EUR-PREP 1

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (24 agus 25 Márta 2022)<br>– Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. <u>COVID-19</u>

Déanfaidh an Chomhairle Eorpach measúnú ar an staid eipidéimeolaíoch agus ar staid na vacsaíní agus leanfaidh sí de na hiarrachtaí comhordúcháin mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Fillfidh sí freisin ar an gcomhar idirnáisiúnta maidir le rialachas sláinte domhanda agus dlúthpháirtíocht.

## II. <u>SLÁNDÁIL AGUS COSAINT</u>

Tionólfaidh an Chomhairle Eorpach díospóireacht straitéiseach faoi Shlándáil agus Cosaint. Iarrfar uirthi an Compás Straitéiseach a fhormhuiniú.

## III. <u>AN SEIMEASTAR EORPACH</u>

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar na tosaíochtaí do Sheimeastar Eorpach 2022 agus iarrfar uirthi an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a fhormhuiniú.

## IV. <u>AN CAIDREAMH SEACHTRACH</u>

I bhfianaise a dtarlóidh, d'fhéadfadh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.

*p.m.: fuinneamh*